



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.6.2013
COM(2013) 451 final

2013/0218 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais
Eorpaigh roinnt ionstraimí dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós
imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le conradh Liospóin, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2009, rinneadh modhnú suntasach ar chreat na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún ag an reachtóir. Déantar idirdhealú soiléir ann idir na cumhachtaí atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhriachtanacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú (gníomhartha tarmligthe), ar láimh amháin, agus na cumhachtaí atá tugtha don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, ar an láimh eile. Tá siad faoi réir creataí dlíthiúla iomlán éagsúil:

Ó thaobh na foclaíochta de, tá an sainmhíniú ar ghníomhartha tarmligthe in Airteagal 290(1) an-chosúil leis an sainmhíniú ar ghníomhartha atá, faoin gCinneadh 1999/468/CE¹ ("an Cinneadh Coisteolaíochta"), faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú (NIRG) a bunaíodh in Airteagal 5a den Chinneadh sin. Sa dá chás, is gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta leo atá i gceist agus tá sé mar aidhm leo eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach a leasú nó a fhorlíonadh.

Ar an gcúis sin, fágadh Airteagal 5a den Chinneadh Coisteolaíochta lasmuigh de raon feidhme an athbhreithnithe ar an gCinneadh Coisteolaíochta faoi Rialachán 182/2011² ("an Rialachán Coisteolaíochta"). Dá bhrí sin, ba ghá Airteagal 5a lena mbunaítear an NIRG a choinneáil go sealadach chun críocha bunghníomhartha atá ann cheana féin dá dtagraítear san Airteagal sin. Sa chomhthéacs seo, thug an Coimisiún gealltanais na forálacha sin atá ann cheana lena ndéantar foráil maidir leis an NIRG a chur in oiriúint do chóras na ngníomhartha tarmligthe.

D'eisigh an Coimisiún an ráiteas seo a leanas an tráth ar glacadh an Rialachán Coisteolaíochta³:

"Maidir le gníomhartha reachtach atá i bhfeidhm agus a bhfuil tagairtí iontu faoi láthair don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na forálacha atá i gceangal leis an nós imeachta sin i ngach ionstraim a bhfuil sé ar intinn aige a mhodhnú, d'fhonn iad a oiriúnú in am trátha i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa Chonradh. Thairis sin, beidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i dteideal bunghníomhartha a shonrú a mheasann siad gur cheart tosaíocht a thabhairt dá n-oiriúnú.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thorthaí an phróisis sin faoi dheireadh 2012 chun meastachán a dhéanamh i ndáil le cé mhéad gníomhartha reachtach atá fós i bhfeidhm a bhfuil tagairtí iontu don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú. Ansin ullmhóidh an Coimisiún na tionscnaimh reachtach is iomchuí chun an t oiriúnú a thabhairt chun críche. Is é cuspóir iomlán an Choimisiúin go mbeadh na forálacha uile lena dtagraítear don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú bainte de na hionstraimí reachtach uile faoi dheireadh 7ú téarma na Parlaiminte."

¹ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, p. 13.

³ Foilsíodh an ráiteas seo san Iris Oifigiúil in éineacht le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch 19).

2. FORBHREATHNÚ AR NA BUNIONSTRAIMÍ ATÁ I gCEIST LEIS AN gCUR IN OIRIÚINT

Ag deireadh 2012, aithníodh 288 gníomh reachtach ina bhfuil tagairtí fós don NIRG. Tá thart ar 60 díobh sa phróiseas reachtach faoi láthair agus dá bhrí sin ní bhaineann an togra seo leo (tá liosta de na gníomhartha sin ann mar eolas i bpointe 4 thíos).

Thug an Coimisiún faoi scrúdú cúramach ar gach ionstraim reachtach ina bhfuil tagairt inti fós don NIRG d'fhonn anailís a dhéanamh ar cibé a chomhlíonann na bearta NIRG atá cumhdaithe ag an gCinneadh Coisteolaíochta critéir Airteagal 290 den CFAE nó nach gcomhlíonann.

Seo an chéad cheann den trí thogra lena gcuirtear roinnt ionstraimí reachtacha ina bhfuil tagairt don NIRG in oiriúint do na critéir atá leagtha síos sa Chonradh. Tá foráil ann maidir leis an NIRG a thiontú ina ghníomhartha tarmligthe i gcás na mbunghníomhartha reachtacha atá liostaithe san iarscríbhinn. Tá sé bunaithe ar bhunús dlí gach ceann de na bunghníomhartha lena mbaineann.

Tá togra ann le haghaidh rialacháin eile ar leithligh do na gníomhartha reachtacha i réimse an Cheartais ina bhfuil tagairt fós don NIRG (COM(2013)452), toisc gur glacadh na gníomhartha sin faoi bhunús dlí de bhun Theideal V Cuid III den CFAE agus dá bhrí sin níl siad ina gceangal ar gach Ballstát, agus iad ar neamhréir le bunúis dlí na mbunghníomhartha eile dá réir.

Ar deireadh, cumhdófar sa tríú togra na bunghníomhartha atá fágtha ina bhfuil tagairt don NIRG agus atá faoi réir anailíse leanúnaí.

3. AN MODH A CHUIRFEAR NA HIONSTRAIMÍ REACHTACHA INA bhFUIL TAGAIRT FÓS DON NIRG IN OIRIÚINT

Is é an cur chuige a leanfar sa togra seo an modh a úsáidtear sa Rialachán Coisteolaíochta a chur i bhfeidhm agus na bunghníomhartha ina bhfuil an NIRG iontu fós a ailíniú trí bhíthin creat-rialacháin.

Tá foráil sa Rialachán Coisteolaíochta maidir le hailíniú uathoibríoch ar an *acquis* atá ann cheana leis na nósanna imeachta nua. Ordaítear le hAirteagal 13 den Rialachán sin, más rud é go bhfuil tagairt sna bunghníomhartha do na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Chinneadh Coisteolaíochta, go mbeidh feidhm leis an nós imeachta comhfhreagrach den Rialachán Coisteolaíochta.

Dá réir sin, tá foráil sa chreat-rialachán seo go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh más rud é go bhfuil tagairt sna hionstraimí atá liostaithe san iarscríbhinn don nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5a den Chinneadh Coisteolaíochta.

I gcásanna ina bhfuil teorainneacha ama ciorraithe maidir le freasúra, i gcomhréir le hAirteagal 5a(5)(b) den Chinneadh Coisteolaíochta, tá foráil sa togra maidir le teorainn ama 1 mhí le haghaidh freasúra (Airteagal 2(6) den togra).

Leis an togra, cuirtear an nós imeachta práinne i gcomhréir le hAirteagal 5a(6) den Chinneadh Coisteolaíochta in oiriúint don nós imeachta práinne le haghaidh gníomhartha tarmligthe (Airteagal 3 den togra).

Ní dhéanfaidh an cur in oiriúint do chóras na ngníomhartha tarmligthe difear do nósanna imeachta ar feitheamh ina bhfuil tuairim tugtha ag coiste cheana féin i gcomhréir leis an gCinneadh Coisteolaíochta.

Tá liosta de na bunghníomhartha atá curtha in oiriúint do chóras na ngníomhartha tarmlichte san iarscríbhinn a ghabhann leis an togra. Tá an liosta eagraithe de réir réimsí beartais agus in ord croineolaíoch ghlacadh na n-ionstraimí.

4. LIOSTA NA mBUNGHNÍOMHARTHA INA bhFUIL TAGAIRT DON NIRG ATÁ Á nATHBHREITHNIÚ FAOI LÁTHAIR

Réimse	Ionstraim	Tagairt an togra
AGRI	Treoir 1999/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le húisc chaife agus shiocaíre	COM(2012) 150
AGRI	Treoir 2000/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2000 maidir le táirgí cócó agus seacláide a ceapadh lena chaitheamh ag an duine	COM(2012) 150
CLIMA	Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteacha nua phaisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí CO ₂ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú	COM (2012)393
CLIMA	Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le gáis cheaptha teasa fluairínithe áirithe	COM (2012)643
CNECT	Treoir 1999/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le creat Comhphobail le haghaidh sínithe leictreonacha	COM (2012) 238
EMPL	Treoir 2004/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreacha fhisiceacha (réimsí leictreamaighnéadacha) (an t-ochtú Treoir déag ar leith laistigh de bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)	COM(2011)348
ENER	Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE	COM(2012) 595
ENER/CLIMA	Treoir 2009/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Treoir 98/70/CE maidir le peitreal, díosal agus ola gáis a shonrú agus lena dtugtar isteach sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus chun iad a laghdú agus lena leasaítear Treoir 1999/32/CE ón gComhairle maidir le breosla a úsáideann soithí uiscebhealaigh intíre a shonrú agus lena n-aisghairtear Treoir 93/12/CEE	COM(2012)595

ENTR	Treoir 1999/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hullmhóidí contúirteacha a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú	COM(2012)8
ENTR	Treoir 1999/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le trealamh raidió agus trealamh teirminéil teileachumarsáide agus maidir le haitheantas frithpháirteach a gcomhréireachta.	COM(2012)584
ENTR	Treoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le huirisí tomhais	COM(2011)769
ENTR	Treoir 2007/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir le hearraí piriteicniúla a chur ar an margadh	COM(2011)771
ENTR	Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa	COM(2011)456
ENTR	Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí	COM(2012)548
ENTR	Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Galileo) a chur chun feidhme tuilleadh	COM(2011)814
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 543/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le staidreamh i ndáil le barra agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 837/90 (CEE) agus Rialachán Uimh. 959/93 (CEE) ón gComhairle	COM (2012)724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach	COM(2012)167
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú)	COM(2012)724

ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (athmhúnlú)	COM(2012)724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú)	COM(2012)724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le staidreamh beostoic agus feola agus lena n-aisghairtear Treoir 93/23/CEE, Treoir 93/24/CEE agus Treoir 93/25/CEE ón gComhairle	COM 2012 724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle.	COM(2012)724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 1921/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le tíolacadh sonraí staidrimh i ndáil le táirgí iascaigh a chuirtear i dtír i mBallstáit	COM(2012)724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir leis na cuntais eacnamaíocha talmhaíochta sa Chomhphobal	COM (2012)724
ESTAT	Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle an 9 Márta 1998 maidir le suirbhé samplach ar an bhfórsa saothair a eagrú sa Chomhphobal	COM(2013) 155
ESTAT	Treoir 96/16/CE ón gComhairle an 19 Márta 1996 maidir le suirbhéanna staidrimh ar bhainne agus táirgí bainne	COM(2012)724
HOME	Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle an 18 Feabhra 2003 lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar dhídean a scrúdú a thaisc náisiúnach tríú tír i gceann de na Ballstáit	COM(2008) 820
HOME	Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena gcruthaítear an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe don tréimhse 2008-2013 faoi chuimsiú an Chláir Ghinearálta "Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabhadh Imirce"	COM(2011) 751
HOME	Cinneadh Uimh. 574/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste um Theorainneacha Seachtracha don tréimhse 2007-2013 faoi chuimsiú an Chláir Ghinearálta "Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabhadh	COM(2011) 750

	Imirce"	
HOME	Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhilleadh don tréimhse 2008-2013 faoi chuimsiú an Chláir Ghinearálta "Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabhadh Imirce"	COM(2011) 751
HOME	Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)	COM (2011) 118
MARKT	Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atharachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II)	COM(2011)8
MARKT	Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúcháireachtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite	COM(2011)778
MARKT	Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le haitheantas na gcáilíochtaí gairmiúla	COM(2011)883
MARKT	Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú	COM(2011)895
MARKT	Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist	COM(2011)895
MARKT	Treoir 2004/39/CE an 21 Aibreán 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (MiFID)	COM(2011) 656 COM(2011) 652
MARKT	Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (drochúsáid mhargaidh)	COM(2011)651
MOVE	Treoir 2009/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le tástálacha ródacmhainneachta le haghaidh mótarfheithiclí agus a gcuid leantóirí	COM(2012)380
MOVE	Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú ag Stát ar chalafoirt	COM(2012)129

MOVE	Treoir 96/98/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 1996 maidir le trealamh muirí	COM (2012)772
MOVE	Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2003 maidir le tuairisciú ar tharluithe in eitlíocht shibhialta	COM (2012)776
MOVE	Treoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Chomhphobal (athmhúnlú)	COM(2013) 30
MOVE	Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithroinnt agus muirir ar úsáid bonneagair agus ar deimhniúchán sábháilteachta a ghearradh (Treoir um Shábháilteacht Iarnróid)	COM(2013)31
MOVE	Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar	COM (2011)451
MOVE	Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um Bainistiú Aerthráchta	COM(2013)410
MOVE	Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair.	COM(2013)410
MOVE	Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair	COM(2013)410
MOVE	Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos creat chun aerspás Eorpach aonair a bhunú (an creat-Rialachán)	COM(2013)410
MOVE	Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE	COM(2013) 409
MOVE	Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe a bhíonn ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal	COM(2013)195

SANCO	Treoir 2001/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát maidir le dea-chleachtas cliniciúil a chur chun feidhme i stiúradh trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine	COM(2012)369
SANCO	Cinneadh Uimh. 2119/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear gréasán d'fhaireachas eipidéimeolaíoch agus chun rialú a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha sa Chomhphobal	COM(2011)866
SANCO	Treoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le feistí míochaine diagnóiseacha in vitro	COM(2012)541
SANCO	Treoir 93/42/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí míochaine	COM(2012)542
SANCO	Treoir 90/385/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1990 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le feistí inphlandaithe míochaine gníomhacha	COM(2012)542
SANCO	Treoir 2001/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2001 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le táirgí tobac a mhonarú, a chur i láthair agus a dhíol	COM(2012)788
SANCO	Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí	COM(2013)78
SANCO	Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar a n-iarmhair in ainmhithe beo agus lena n-aisghairtear Treoir 85/358/CEE, Treoir 86/469/CEE, Cinneadh 89/187/CEE agus Cinneadh 91/664/CEE	COM(2013)265
SANCO	Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú	COM(2013)265
TAXUD	Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe)	COM(2012)64

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena gcuirtear in oiriúint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh roinnt ionstraimí dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33, 43(2), 53(1), 62, 64(2), 91, 100(2), 114, 153(2)(b), 168(4)(b), 172, 192(1), 207 agus 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Thug Conradh Liospóin deis don reachtóir cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtach a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú.
- (2) Na bearta is féidir a chumhdach le tarmligean na gcumhachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 290(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, comhfhreagraíonn siad i bprionsabal dóibh sin atá cumhdaithe ag an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a bunaíodh faoi Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁶.
- (3) Is gá roinnt gníomhartha dlíthiúla atá i bhfeidhm cheana féin lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a chur in oiriúint d'Airteagal 290 den CFAE.
- (4) Níor cheart go ndéanadh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta atá ar feitheamh agus inar thug an coiste tuairim cheana i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (5) Ó tharla gur le nósanna imeachta amháin a bhaineann an cur in oiriúint a dhéanfar leis an Rialachán seo, ní gá, i gcás treoracha, do na Ballstáit iad a thrasúiomh.

⁴ IO C , , lch.

⁵ IO C , , lch.

⁶ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

- (6) Agus an Coimisiún ag ullmhú gníomhartha tarmligthe bunaithe ar na gníomhartha dlíthiúla arna gcur in oiriúint leis an Rialachán seo, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfadh sé faoi chomhairliúcháin oiriúnacha, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. I gcás ina bhfuil foráil sna gníomhartha dlíthiúla atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 5a(1) go (5) de Chinneadh 1999/468/CE, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 2 den Rialachán seo.

2. I gcás ina bhfuil foráil sna gníomhartha dlíthiúla atá liostaithe san Iarscríbhinn maidir le húsáid an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 5a(6) den Chinneadh 1999/468/CE, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta práinne dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Rialachán seo.

Airteagal 2

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse neamhchinntithe.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeann na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligeann na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

6. I gcás ina bhforáiltear sna gníomhartha dlíthiúla atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo go ndéanfar an teorainn ama atá leagtha síos in Airteagal 5a(3)(c) de Chinneadh 1999/468/CE a chiorrú de bhun Airteagal 5a(5)(b) den Chinneadh sin, socrófar gur mí amháin a bheidh sna tréimhsí atá leagtha síos i mír 5 den Airteagal seo.

Airteagal 3

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu fad nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Luafar na cúiseanna ar úsáideadh an nós imeachta práinne san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

Airteagal 4

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta atá ar feitheamh agus inar thug coiste tuairim cheana i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Gníomhartha dlíthiúla ina bhfuil tagairt don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE atá curtha in oiriúint do chóras na ngníomhartha tarmligthe¹.

A. LÍONRAÍ CUMARSÁIDE, INNEACHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

1. Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um phríobháideachas agus cumarsáid leictreonach)
2. Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus maidir le hidirnasc a bheith eatarthu (Treoir na Rochtana)

B. FOSTAÍOCHT, GNÓTHAÍ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ

3. Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ar an láthair oibre **
4. Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ar an láthair oibre (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)
5. Treoir 2006/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (radaíocht optúil shaorga) (an naoú Treoir déag ar leith laistigh de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
6. Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé carcanaiginí nó só-ghiniginí ar an láthair oibre (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
7. Treoir 2003/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Feabhra 2003 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (torann) (an seachtú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
8. Treoir 2002/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (creathadh) (an séú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
9. Treoir 2000/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé

¹ Mar eolas, cuirtear gníomhartha dlíthiúla ina bhfuil tagairt don teorainn ama chiorraithe de bhun Airteagal 2(6) in iúl san Iarscríbhinn seo le *, cuirtear gníomhartha dlíthiúla ina bhfuil tagairt don nós imeachta práinne de bhun Airteagal 3 in iúl le ** agus cuirtear gníomhartha dlíthiúla ina bhfuil tagairt don nós imeachta práinne de bhun Airteagal 3 agus don teorainn ama chiorraithe de bhun Airteagal 2(6) in iúl san Iarscríbhinn seo le ***.

oibreán bitheolaíoch ar an láthair oibre (an seachtú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**

10. Treoir 1999/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte oibrithe a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha a fheabhsú (an cúigiú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
11. Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
12. Treoir 93/103/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1993 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair ar bord long iascaireachta (an tríú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
13. Treoir 92/104/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1992 maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte sna tionscail asbhainte mianraí ar an dromchla agus faoi thalamh a fheabhsú (an dara Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
14. Treoir 92/91/CEE ón gComhairle an 3 Samhain 1992 maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte sna tionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil a fheabhsú (an t-aonú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
15. Treoir 92/58/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir leis na híoscheanglais chun comharthaí sábháilteachta agus/nó sláinte a sholáthar ar an láthair oibre (an naoú Treoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
16. Treoir 92/57/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte ag láithreáin tógála shealadacha nó soghluaiste (an t-ochtú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**
17. Treoir 92/29/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte chun cóir leighis níos fearr ar bord long a chur chun cinn
**
